

# SAINCHUNTAS POIST

## Feidhmeannach Foilsitheoireachta le COMHAR

Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge is ea COMHAR:

- a fhoilsíonn iris mhíosúil liteartha na Gaeilge, *Comhar*,
- a bhfuil inphrionta foilsitheoireachta leabhar, *LeabhairCOMHAR*, á rith aige,
- a fhoilsíonn iris acadúil phiarmheasta bhliantúil COMHAR*Taighde*,
- a bhfuil baint aige le tionscadail eile i réimse na foilsitheoireachta.

Tuilleadh eolais ar fáil ag: [comhar.ie/eolas/maidir-le-comhar](http://comhar.ie/eolas/maidir-le-comhar)

### Ról

Tá Feidhmeannach Foilsitheoireachta (duine lánaimseartha nó beirt pháirtaimseartha) á earcú ó mhí Mheán Fómhair 2024 a bheidh ag obair go príomha ar *LeabhairCOMHAR*. Beidh an té a cheapfar ag plé le gach céim a bhaineann le leabhar a fhoilsiú ó mholadh leabhar a mheas go leabhar a chur ar an margadh. D'fhéadfadh obair ar thionscadail eile de chuid COMHAR a bheith i gceist ó am go chéile. Oibreoidh an Feidhmeannach Foilsitheoireachta faoi stiúir an Fheidhmeannaigh Bainistíochta & Gnó.

Conradh idir mhí Mheán Fómhair 2024 - 31 Nollaig 2025 atá i gceist. Is féidir go gcuirfear síneadh leis ag deireadh na tréimhse sin.

### Ionad oibre

Tá oifig COMHAR lonnaithe ar Shráid Harrington, BÁC 8. Beidh deiseanna maithe obair chumaisc ar fáil.

Beidh gá le taisteal chuig ócáidí éagsúla cúpla uair sa bhliain m.sh. comhdhálacha, seoltaí leabhair etc.

### Dualgais

- Moltaí leabhar ó údair a chuirtear faoi bhráid *LeabhairCOMHAR* a mheas. Clár foilsitheoireachta a mholadh agus a aontú leis an mBord Stiúrtha.
- Clár foilsitheoireachta a chomhordú agus buiséad a riar. Plé leis na geallsealbhóirí uile, m.sh. léitheoirí seachtracha, cóipeagarthóirí, dearthóirí, profléitheoirí, clódóirí agus na húdair féin.
- Siopaí agus mórdhíoltóirí a chur ar an eolas maidir le foilseacháin nua de chuid *LeabhairCOMHAR*.
- Cúraimí poiblíochta agus margaíochta, i gcomhar leis an bhFeidhmeannach Bainistíochta & Gnó, m.sh. preasráitis a ullmhú, freastal ar chomhdhálacha, seoltaí leabhair etc.
- Iarratais mhaoinithe agus buiséid a dhréachtú in éineacht leis an bhFeidhmeannach Bainistíochta & Gnó.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar *LeabhairCOMHAR* ag ócáidí agus ar choistí ar leith.
- Cúraimí eile de réir mar a thagann siad aníos.

## Scileanna riachtanacha

- Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta. Is gá caidrimh a chruthú agus a chothú le páirtithe éagsúla, údair, dearthóirí, clódóirí, siopaí agus eile ina measc.
- Ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla idir labhartha agus scríofa. Bíonn súil ghéar de dhíth agus profaí á scrúdú.
- Duine stuama spreagtha, atá in ann obair go neamhspleách as a stuaim féin.
- Duine eagraithe, atá in ann cúraimí éagsúla a láimhseáil ag aon am amháin agus atá in ann spriocanna a bhaint amach.
- Taithí phraiticiúil ar bhogearraí éagsúla m.sh. Microsoft Office, Google Drive, Adobe agus eile.

## Inmhianaithe

- Cáilíocht sa Ghaeilge/san aistriúchán
- Taithí agus tuiscint ar litríocht na Gaeilge agus/nó ar earnáil na foilsitheoireachta in Éirinn
- Taithí riaracháin agus/nó margaíochta
- Spéis sa léitheoireacht
- Ceadúnas tiomána agus rochtain ar charr

## Iarratais

Tuilleadh eolais faoin bpost ar fáil ó [gno@comhar.ie](mailto:gno@comhar.ie).

Iarratais trí mheán na Gaeilge amháin.

Chun cur isteach ar an bhfolúntas seo, cuir na rudaí seo a leanas chuig [gno@comhar.ie](mailto:gno@comhar.ie) faoi **mheán lae, Dé hAoine, 26 Iúil 2024:**

1. Litir iarratais
2. CV
3. Sonraigh an bhfuil tú ag cur isteach ar phost lánaimseartha nó páirtaimseartha

Reáchtálfar agallaimh i mBaile Átha Cliath Dé Luain, an 12 Lúnasa 2024.